# Polasaí Gaeilge na Scoile 17/01/23

## 1. Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim Ghaeilge ná:

- úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn
- dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú.
- taitneamh a bhaint as foghlaim na Gaeilge
- cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a mhuinín chun na Gaeilge a úsáid a chothú
- cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann dó/di féin,
- éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, samhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste
- cur le líofacht agus le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

**2. An Tumoideachas:**

- Is í Gaeilge teanga cumarsáide na scoile (T1), spreagtar na páistí chun í a labhairt le linn an lae scoile agus le linn imeachtaí uile na scoile. Glactar leis gurb í Gaeilge teanga T1 na scoile cé nach í céad teanga an bhaile í.

- Tá polasaí an tumoideachais sa scoil. Tá sé mar aidhm againn go gcloisfidh na páistí Gaeilge amháin óna gcéad lá sa scoil.

**Naíonáin Shóisir**

Tiocfaidh tuiscint roimh cumarsáid san ranganna Naíonáin.

- Ní labhróidh múinteoirí Naíonáin Shóisir ***aon Bhéarla*** leis na páistí. Glacfar le freagraí i mBéarla ó na páistí don chéad téarma amháin. Aistreofar na habairtí seo dóibh.

- Ón Nollaig ar aghaidh i Naíonáin Shóisir, béifear ag súil le freagraí i nGaeilge uathu don chuid is mó.

- Chun cuidiú le forbairt na Gaeilge sna Naíonáin, iarrfar ar na tuismitheoirí scaoileadh lena bpáistí sa halla ar maidin agus gan dul chuig na seomraí leo. Tosófar ar na gcleachtais láithreach.

**Naíonáin Shinsir**

Is í Gaeilge teanga cumarsáide an ranga seo.

- Tosaítear ar an mBéarla a mhúineadh go foirmiúil ***i ndiaidh na Nollag i Naíonáin Shinsir.***
- Tosófar ar an léitheoireacht fhoirmiúil sa Ghaeilge i dtús i Naíonáin Shinsir. Cuirfear tús leis an léitheoireacht sa Bhéarla sa dara téarma.

**3.Cúrsaí Gaeilge a Chur Chun Cinn**

- Déanfaidh an scoil gach iarracht deiseanna breise a thabhairt do na páistí freastal ar imeachtaí agus áiteanna ina gcloistear agus ina n-úsáidtear Gaeilge amháin m. sh. amharclann, imeachtaí cultúrtha, imeachtaí eagraithe le Gaelscoileanna srl.

- Déanfar iarracht go mbeidh Gaeilge ag múinteoirí breise a thagann chun na scoile le spórt, ceol nó drámaíocht srl. a mhúineadh.

- Déanfar iarracht gach áis oideachasúil atá ar fáil i nGaeilge idir leabhair, bog ábhair, scéimeanna léitheoireachta, físeáin srl a fháil le n-úsáid sa scoil.


- Chun Gaeilge a spreagadh i measc na dtuismitheoirí scaipfear bileog tá liosta do na frásaí  sa Dialann Obair Bhaile . Eagrófar ranganna Gaeilge do thuismitheoirí ó am go ham.

- Déanfar caighdeán labhartha Gaeilge na bpáistí a mheas go rialta ar bhonn neamhfhoirmiúil.

- Déanfar plé rialta ar chaighdeán na Gaeilge sa scoil mar fhoireann ach go háirithe ar an mbealach gur féidir cruinneas agus líofacht na Gaeilge a chur chun cinn sna meán agus sna hardranganna ach go háirithe.

- Tugtar gach spreagadh do na páistí Gaeilge chruinn a labhairt ach go háirithe sna meán agus sna hardranganna. Bainfear úsáid as duaiseanna, teastais srl chun é seo a dhéanamh.

- Bainfear úsáid as na trialacha Drumcondraigh Gaeilge ó Naíonáin Shinsir go Rang 6 gach bliain chun caighdeán léitheoireachta agus caighdeán tuisceana na Gaeilge a mheas.

Cathaoirleach : 
17/01/23

Príomhoide: 
17/01/23.